

Ábhar

Cultúr an Óil

Mír Físe

Speaking Irish
Aonad 17, Agallamh 1
01:30:27

Cian Marnell

(Le caoinchead ó na húdair agus ó na foilsitheoirí McGraw-Hill).

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.**



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

Cultúr an Óil

Réamhobair

Beidh Cian Marnell ag caint sa mhír seo faoin difríocht atá idir cultúr an óil anseo in Éirinn agus thar lear. Sula bhféachann sibh ar an mír, pléigh féin agus an duine in aice leat na comparáidí a cheapann sibhse atá idir an dá chultúr sin. Féachaigí ar an stór focal thíos le cabhrú libh.

eisheadúnas

foréigean

cosc ar

freagracht / freagrach

tábhairneoirí

troideanna / bruíonta

ionad timpistí agus éigeandála

fad a chur le

Éisteacht

Déan achoimre in abairt amháin ar an méid atá le rá ag Cian Marnell sa mhír seo. An ndéarfá go bhfuil Cian dearfach nó diúltach faoi chultúr óil na hÉireann nó an deacair a rá?

Feasacht Teanga

Lean an patrún sa bhosca thíos.

An Fhrainc	Francach	na Francaigh	carr Francach	carranna Francacha	Fraincis
An Spáinn					
An Ghearmáin					
An Iodáil					
An tSín					
An tSeapáin					
Meiriceá					
Albain					

Pléigh na ceisteanna seo:

- Cén fáth a ndeirtear ‘sa Spáinn’ ach ‘i Meiriceá’? Cén fáth a ndeirtear ‘go dtí an Spáinn’ ach ‘go Meiriceá’? Pléigh le duine eile agus ansin cuir an leagan

Gaeilge de na frásaí *I am going to* agus *I was in* roimh na tíortha ar fad atá sa cholún ar chlé sa bhosca.

- Tabhair míniú ar an athrú tosaigh a tharlaíonn ar na tíortha sa cholún ar chlé tar éis ‘an’.

Déan liosta de na focail agus de na frásaí ar fad atá ar eolas agat chun cur síos a dhéanamh ar dheoch / ólachán / bheith ar meisce.

Féach ar an liosta frásaí thíos a d’fhéadfaí a úsáid chun cur síos ar dhuine atá ar meisce. An bhfuil aon fhrásaí atá níos láidre ná a chéile?

Bhí a dóthain ólta aici
Bhí sí leagtha
Bhí sí caochta
Bhí sí dallta
Bhí sí ólta
Bhí braon sa ghrágán aici
Bhí dhá thaobh an bhealaigh léi
Bhí sí siar ó thuaidh ar fad
Bhí deoch ar bord aici
Bhí braon faoin bhfiacail aici
Bhí sí bogaithe
Ní réitíonn an deoch léi
Tá sí tugtha don ól

An dtuigeann tú na leaganacha seo? Cén Béarla a chuirfeá orthu?

deoch an dorais
tá ceann tinn orm
tá póit orm
tá spalladh orm
deoch a sheasamh do dhuine

An bhféadfá na leaganacha seo a chur in abairtí / i gcomhthéacs oiriúnach?

bolgam fiona / beorach / tae
blaiseadh beag
ag blaisínteacht
ag slogadh siar
caith siar é!
sláinte na bhfear is go maire na mná go deo!

Cén ghné den ghramadach atá i gceist anseo: ‘go maire na mná’. An bhfuil aon samplaí eile den ghné seo ar eolas agat?

Cad is brí leis an abairt thíos? Cuir an briathar ‘teacht le’ in abairt.

‘...agus tagaim leis an gcultúr san go pointe...’

Iarobair

Plé

- Níl Cian Marnell róthógtha le sprionlaitheacht. Tá sé de theist ar mhic léinn nach maith leo airgead a chaitheamh – an bhfuil sé sin fíor dar, leat? Cad air is mó a chaitheann mic léinn airgead?
- Cad iad na tréithe is fearr / is measa leat i ndaoine? Déan liosta agus cuir an liosta i gcomparáid le liosta duine eile. Léirigh le samplaí más féidir.

Tascanna

- Tá ort píosa a scríobh do théacsleabhar d’fhoghlaimoirí na Gaeilge thar lear. Tá rannóg sa leabhar faoi chultúr na hÉireann agus caithfidh tusa píosa (200 focal) a scríobh faoi nósanna dí don rannóg sin. Nuair a bheidh tú críochnaithe, malartaigh do pháosa le duine eile – an raibh na píosaí an-difriúil?
- ‘...ach nach mbeadh sé i bhfad níos sláintiúla dúinn ar fad, dá mbeimis ag ceannach uisce dá chéile, nó ag ceannach sú oráiste dá chéile, nó sú úll nó rud éigint den chineál sin...’

Cuir pointí le chéile i bhfabhar na hargóna seo.

Plé: Cé acu taobh is éasca a áiteamh san argóint seo – i bhfabhar nó i gcoinne? Cén fáth?

Téipscript

Is cinnte go bhfuil an cultúr óil sa tír seo hmm, ar seachrán. Hmm, nuair, nuair a chuireann tú i gcomparáid é leis an gcultúr atá sa bhFrainc nó san Iodáil nó sa Spáinn, agus níl mórán taistil déanta agam taobh amuigh des na na tíortha áirithe sin. Ach, sna tíortha san, hmm, d’fheicfeá an difríocht atá ann. Hmm, nuair a théann tú, agus nuair a théann tú chuig rud éigint agus bíonn deoch bheag agat, hmm, agus caitheann tú na huaireanta an chloig amuigh faoin aer, le do chairde, ag ól beagáinín, ag caint, hmm, ag ithe. Hmm, agus is dócha faoi dheireadh na hoíche go bhfuil do dhóthain ólta agat. Hmm, ach tá an cultúr éagsúil. Tá an fócas éagsúil ar fad.

Agus anseo in Éirinn, hmm, an brú atá ann chun deochanna a cheannach agus deochanna a ól agus coimeád suas le daoine agus iad ag ól agus an brú atá ar dhaoine deochanna a cheannach dá chéile. Agus tagaim leis an gcultúr san go pointe. Níl, níl, níl tréith is measa liom i nduine ná an sprionlaitheacht agus, in Éirinn, an áit a léirítear an sprionlaitheacht ná sa phub. An duine atá, a dhiúltaíonn deoch a cheannach do dhuine eile – is, is léiriú ana-ghlé é sin ar sprionlaitheacht i nduine. Agus measaim, mar Éireannaigh – cé go bhfuil go leor eiseamláir, is dócha, den, den sprionlaitheoir in Éirinn – mar chultúr, ní maith linn sprionlaitheoirí agus ní maith linn sprionlaitheacht. Hmm, agus, ar bhealach amháin, is dócha, gur deas an rud é go mbíonn muid sásta deochanna a cheannach dá chéile, ach nach mbeadh sé i bhfad níos sláintiúla dúinn ar fad, dá mbeimis ag ceannach uisce dá chéile, nó ag ceannach sú oráiste dá chéile, nó sú úll nó rud éigint den chineál sin.